Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Eanáir 2025
(OR. en)

5166/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0329(NLE)**

VISA 4
COEST 9
FREMP 6

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 17126/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia a chur ar fionraí go páirteach, an Comhaontú maidir le heisiúint víosaí a éascú<br>– Glacadh |

1. An 20 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia a chur ar fionraí go páirteach, an Comhaontú maidir le heisiúint víosaí a éascú[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí acu an 10 Eanáir 2025, scrúdaigh Comhairleoirí CGB an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh.

3. Tháinig Comhairleoirí CGB ar chomhaontú maidir leis an téacs tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn a tugadh chun críche an 14 Eanáir 2025.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[1] 17126/24.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch uirthi agus mar a leagtar amach in 5045/25 í, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.